

RÍ NA BINNE BRICE

Rí a bhí ann, Rí na Binne Brice, pé bí áit a raibh an Bhinn Bhreac. Na mná a bhí i n-aice leis níor cheap sé go mba chuibhe leis iad agus níor mhaith leis dhul abhfad ó bhaile ag iarraidh mná. níor phós sé go raibh sé abhfad. Casadh an fear beag seo annsin dó agus d'fhiafruigh sé dhó

"tuige nach bpósann tú?" Dubhairt sé nach raibh sé ag fághailt aon bhean ach bean nár chuibhe leis í a phósadh.

"Teirigh agus déan aimsir leis an bhfairrge go ceann bliana" adeir an fear beag leis, "agus mo lámh in do lámh go mbeidh bean agat faoi ceann lá is bliain."

Rinne sé aimsir annsin leis an bhfairrge agus níl lá ar bith nach mbíodh sé ag siubhal cois na fairrge tamall. Thigeadh sé abhaile annsin. Níor chlis sé lá ar bith go raibh an lá is bliain istigh aige,

agus nuair a bhí an lá is bliain istigh aige fuair sé bainrioghan bhreagh ar bhrúach na fairrge. Thug sé leis abhaile í agus phós sé agus bhí sé féin is í féin an-cheanamhail ar a chéile. D'fhiafruigh sé annsin cérb as í. Dubhairt sí gur as an bPuirteigél í, gur inghean rí í agus go raibh triúr dreathár ina bhfathaigh aice. Bhí sí féin is é féin i n-éinfeacht go raibh beirt chloinne aca, mac is inghean. Treoir a bhí ar an inghin is Caoín ar an mac. Nuair a bhí siad suas ina bhuachaill beag is ina cailín beag cailleadh an mháthair. Bhí sé trí nó ceathar de bhlianta eile annsin gan pósadh. Thosuigh daoine annsin ag radh leis go mbfhearr dó pósadh agus mar seo agus mar siúd. Chuir siad an oiread feirrge faoi dheireadh air gur chuir sé an diallaid ar a chapall lá agus "mo crádh agus mo mhilleadh agam" ar sé, "mara bpósa mé an chéad bhean a casfar liom." Shiubhail sé leis agus is gearr a bhí siubhalta aige nuair a casadh leis cailleadh mhúisgeach mháisgideach fionnadh, a hasgalla a' sguabadh a hiosgada agus fionnadh a hiosgada a' sguabadh féir is uisge. An fhiacal ab fhuide siar ina cheann ag déanamh staff dí ina lámh agus an fhiacal ba ghoire dí ina biorán buidhe ina brollach.

"Is ann dhuit a Rí na Binne" adeir sí. "Is ann cheana" adeir sé. "A' bpósfaidh tú mise a Rí na Binne?" "Mo ghrádh agam" adeir sé dá mbeinn gan bean go bráthach dá bpósaínn tú." "Céard a gheall tú a' fágáil a tighe duit?" adeir sí. "Gheall mé go bpósfainn an chéad bhean a casfaidhe dom." Nach bean mise adeir sí agus nílim pósta." "Ó má seadh" adeir sé, "téirigh taobh thiar díom annseo."

Ghabh sí taobh thiar dhó annsin agus chas sé abhaile. Nuair a bhí sé i n-aice leis an teach bhreathnuigh sé siar go bhfeiceadh sé an féirín a mbeadh chuile dhuile ag magadh fuithe agus nuair a bhreathnuigh ní fhaca sé aon bhean as a dhá shúil ariamh ba breagheachte ná í. Bhí sé comhangarach don teach. Tháinig sé anuas den chapall. Mhúch sé le póga í, bhádh sé le deora í agus mór thíos a fuair sé í is thuas a d'fhága sé í agus ní raibh suim ar bith ins an gcéad bhean le hais ise. Ní raibh.

Is gearr annsin go raibh sí ag múineadh chuile shórt don chlann agus ag múineadh draoidheachta dóibh agus is gearr go raibh sí féin agus an inghean indon dhul ina rogha áit, ach ní raibh an mac ag tógáil draoidheacht uathab, ach bhí sé láidir. Bhí sé ina an-ghaisgidheach.

Bhí an bhainrioghan annsin ag súil go raibh an leas-inghean ní b'fhearr ná í sa draoidheacht. Nuair a bhí an leas-inghean ina bean óg d'fhiafruigh sí dí ar mhaith léithe pósadh. Dubhairt sí go mba mhaith. Dubhairt sí annsin go dtiubhradh sí féin é go dtí an tír ar fhága sí féin go dtí na hIndiacha Thoir go raibh mac agus inghean ag a na dreatháir féin ins na hIndiacha Thoir, go mba é an rí an dreatháir agus go mbeadh an mac aice-se. Dubhairt an leas-inghean go ndeanaidís é.

Bhain an bhainrioghan annsin sliseog de thaobh dúrach agus sliseog de thaobh daraighe. Rinne siad long luachmhar lán de shoillse. D'árduigh sí suas uirthé a cuid seolta móra bocóideacha bacóideacha bán-dearg go barra na gcrann chomhfhada comh-réag, comh-dhíreach nár fhága téad tíre gan tarraingt, osgladh maide rámha gan ruarudhach ag treabhadh na farraige folcanta fíordomhain nach dtreabhfar arís go lá deireadh an domhain, ag eirghe róinte míolta móra beitiidhig bheaga béaldearga na fairrge thiar ag tigheacht ar bhois agus ar bhais an mhaide rámha; 'sglug sglug' ag an bhfaoileainín ó thosach na loinge go dtí deireadh na loinge, na heasconna a'gul in asgalla a chéile de bhrígh an mheasgtha sin; d'éirigh na scrathacha ciarseánacha cúrsánacha ag bualadh tuairgint agus ag rapáil gainimh mín; ag gul i n-uachtar gainimh garbh a' gul in íochtar le neart teann-treabhadh agus tiomáint, go raibh an soitheach chomh curtha i bhfairrge aca le neart seoil go raibh na heasconna ag snámh isteach ar bhord an soithigh aca. Níor bhain siad seol as crann ariamh nó gur stríoc siad an chéibh ins na hIndiacha Thoir. Nuair a bhí an soitheach feistighthe aca shiubhail siad amach go dtéigheadh siad go dtí teach an dreathára. Leis an mac chuaidh siad ag cainnt.

"Thug mé bean chugat" adeir sí le mac a dreathár. "Is maith liom sin," adeir seisean, "agus bean mhaith" adeir sí, "bean níos fearr ná thú féin atá indon chuile rud a dhéanamh."

Bhí an fear óg sásta agus cuireadh fios ar shagart méise agus cléireach uisge agus pósadh iad.

Tháinig sí fhéin abhaile go hÉirinn annsin.

80

Bhí sí féin agus Caoin agus an t-athair in éinfeacht. Ní raibh mórán gaisge leis an athair. Bhí an siubhal ag imtheacht uaidh le sgoilteacha a bhí ag tigheacht air.

Dhá bhliain a bhí an inghean pósta nuair a tharraing an leas-mháthair paca cartai chuire agus d'fhiafruigh sí de Chaoin an n-imreochadh sí cluiche. Dubhairt sí go n-imreochadh. Chuir sé an cluiche uirthé. "Tabhair do bhreith" ar sise. "Ní thiubhrad" ar seisean. D'imir siad cluiche eile agus chuir sise an cluiche air. "Tabhair do bhreith anois," ar sise arís. "Ní thiubhrad" ar seisean. "Tabhair fhéin é is tú is sine is is fearr agus is tuisge a gheobhas bás" adeir sé. "Ní beag dhuit a thúisge" adeir sí, "tá mise a rádh leat gan mise a chuir faoi gheasa ach cuirfidh mise thusa faoi dheasa agus faoi mór-dhiomdha na bliana gan dhá bhéile ithe

d'aon mhéis ná dhá oidhche a chodladh ar aon leabaidh go dtuga tú buidéal d'uisge an leighis atá ag an bhfathach mór i Sliabh an Óir agus go dtuga tú abhaile leat inghean mo dhreathára chugam ó na hIndiacha Thoir."

"Níl fhios agam" adeir sé "cá bhfuil Sliabh an Óir ná cá bhfuil na hIndiacha Thoir." "Cuir do shrón romhat agus déanfaidh sí solas duit" adeir sí.

Ach níor chuir sé féin geasa ar bith uirthi, ní leigfeadh an faitchíos dó.

Ghabh sé annsin ag an bhfarraige, chuir sé cos ar a shoitheach agus cos ar an talamh gur chuir sé seacht léag sa bhfarraige í gur ndeachaidh sé de léim innte. Bhí sé ag seoladh leis annsin agus d'éirigh sé suas sa gcrannóig go bhfeiceadh sé an bhfeicfeadh sé tada uaidh. Chonnaic sé toirt préacháin d'oileán a bhfad uaidh agus ní i ngar dhó. Chuir sé trian seoil dhá dtrian siubhail uirthे agus tháinig sé i dtús ar an oileán.

Thriomuigh sé suas an soitheach i n-áit nár bhaoghal dí tonn dá bualadh, tonn dá tuairgint, sgoillte gainimh réidhte a'gul innte agus chuir sé feisteas lá is bliain uirthे i gcás nach mbeadh sí leath-uair ann. Shiubhail sé suas an t-oileán annsin tháinig sé go dtí cúirt. Ghabh sé trí huaire deiseal timcheall uirthे agus trí huaire tuaithbeall timcheall uirthे. Cheap sé nach raibh dorus ar bith innte agus d'éirigh sé de léim le neart a chuid fola go ndeachaidh sé i mullach na cúirte – is ann a bhí an dorus ann –gur sheas sé ar urlár an ghrianáin. Nuair a tháinig sé anuas ar urlár an ghrianáin bhí bean ina suidhe ar chathaoir óir ann agus a cosa leagtha ar chathaoir airgid agus í a réidhteach a cinn. Bhí cathaoir óir eile ann agus cathaoir airgid nach raibh duine ar bith ionntab. Cheap seisean go mba mhó an onóir air féin suidhe san gcathaoir óir agus shuidh sé síos ar an gcathaoir óir agus chuir sé a chosa ar an gcathaoir airgid.

Nuair a d'áirigh sise an torann ag an duine a shuidhe ar an gcathaoir chuir sí an gruag siar is aniar dá súile agus bhreathnuigh sí air. D'éirigh sí suas agus ní dhearna sí ach buile dá bois a bhualadh ar lúdracha a ghéill agus ní raibh ann ach gur fhága sí beo é.

"Mo chrádh agam" adeir sí "nuair a thiocthas mo choróin riogach (a fear) isteach má bhíonn sé sin agad."

"Maise" adeir sé "má tá sé níos suaraighe ná tú féin tá sé ro-dhona."

Ní mórán achar gur chuala sé íochtar na coille dá chur chun a huachtar agus a huachtar ina híochtar, crann úr a lúbadh agus an sean chrann a briseadh ag an bhfathach mór a'thigheacht; sgailpín gabhair roimhe sgailpín gabhair ina dhiaidh; míol buidhe ar barr a mhaide, cailleadh mharbh ar a ghualainn, coill bhrosna i mbarrialacha a bhróga. Dhóirt sé amuich ag dorus na cúirte iad buail sé an dorus agus tháinig sé isteach. Chuaidh sé siar don seomra.

Tháinig sé aniar ina ghaisgidheach leath an domhain. Mhúch sé Caoín le póga. Bhádh sí le deora é. Thriomuigh sé le brata mine síoda is sróill é agus le gruaig a cinn féin é. Más thíos a fuair sé é is mar a d'fhága sé é.

"Gairim agus cairsicim thú a aoín mhic amháin mo dhreifíre. Tá leabadh a coráladh an oidhche a rugadh thú annseo ní tháinig tú dá héileamh go dtí anocht. Tá bord agam a

córáladh an oidhche a rugadh go dtí anocht, tá cathaoir agam a córáladh an oidhche a rugadh thú agus ní tháinig tú dá héileamh go dtí anocht. Creidim,” adeir sé gur faoi gheasa troma na leas-mháthair atá tú a saothrú anocht féin.

“Seadh” adeir Caoin.

Cé na leasa atá ort? adeir sé. “Buidéal d’uisge an leighis atá i Sliabh an Óir a thabhairt abhaile chuite.”

“Well” adeir sé “níl annsin duit ach mar ghainimh i ngad, sruith i n-aghaidh cos, cómhaireamh realtóga oidhche ré-dhorcha.

Tá mise agus mo bheirt dreatháracha a faire air sin ó tháinig ionainn eirghe inár seasamh agus tá sé cinnte orainn é a fhágáil. Beidh tú i dteach dreathár eile domsa i mbárach agus tú i druidim leis i gcómhnaidhe.”

“Maise” adeir an bhean, “bhuail mise bos air nuair a tháinig sé.”

“Ní tháinig aon duine a bhain liom-sa ariamh nach ndíbreochá,” adeir an gaisgidheach.

“Shíl mé go marbhóchá-sa é nuair a thioctá,” adeir sí “agus shíl mé a dhíbirt.”

Gléasadh béile dó go bhfuair sé togha gach bídh, rogha gach dighe, mil ghréigeacha, beoir Loclannacha. Bhí blas na meala ar gach aon ghreim agus ní raibh aon ghreim tor. Nuair a bhí an méid sin caithte acab chaith siad train le fiannaidheacht, trian le sgéalaidheacht, trian le sógh sámh agus síor-chodladh. Más moch a d’éirigh an lá lá ar na bhárach is moiche ná sin a déirigh seisean, chuimil sé bos dá shúile, bos dá mhúrla agus bos dá mhálaí. Chíor sé a cheann. Dubhairt sé a thráth. Chuaidh sé ag tobar na meala agus d’ionlaigh sé é féin. Chuaidh annsin go n-imthigheadh sé. Nuair a bhí sé a dul amach ón bhfathach thug sé péire laimhíní dó le cur ar a lámha.

“Fanfaidh siad seo ar do lámha i gcomhnaidhe” adeir an fathach leis. “Má castar namhaid leat tosóchaidh do lámha ag at istigh ionnta má tá rún ag do námhaid tada a dhéanamh ort. Beidh fhios agat annsin é.”

D’imthigh leis annsin agus chuaidh sé chomh fada leis an soitheach. Chuir sé cos ar a shoitheach agus cos ar an talamh gur chuir sé seacht léag i bhfarraige í go ndeachaidh sé de léim innte. Bhí sé a seol leis go raibh diúin agus deireadh an lae a doirdim leis. Chuaidh sé suas i mbarr na crannóige go bhfaca sé toirt phréacháin d’oileán í abhfad uaidh agus ní i ngar dó. Chuir sé trian seoil agus dá dtrian siubhail uirthi gur bhuail sé talamh ar an oileán.

Thriomuigh sé suas an soitheach i n-áit nár bhaoghal dí tonn dá bualadh, tonn dá tuairgin, sgoillte gainimh réidhte a dhul innte. Thug sé feisteas lá is bliain uirthi i gcás nach mbeadh sí leath-uair ann. Bhuail sé suas agus casadh cúirt bhreagh dó. Chuaidh sé timcheall uirthi go bhfaca sé dorús ann. Chuaidh sé isteach. Ar an bpointe boise is dtáinig sé isteach thosuigh sí ag caoineachán.

D’fhiafruigh sé di cé’n fáth an caoineachán. Dubhairt sé gur mór an feall a leitheid deo gaisgidheach breagh a fheiceál a gul chun báis ar ball. Mar sin féin ghléas sí biadh dó, chuile bhiadh dá fheabhas agus leag sí amach ar bord aige é. Nuair a leag sí an biadh dó, “cén

mhaith dom an biadh má tá mé a gul a fágáil bháis ar ball”, ar seisean. “Ith biadh is ól deoch b’fhéidir nach marbhófaidh thú gan buidheachas dúinn” adeir sí.

Bhí an-chás aice dó, bhí sé ina fhear bhreagh. Ní mórán achair a bhí an biadh ithte aige ba chomh aois mise is Máirtín.

Priosún Chamuis

Bhídís ag cainnt ar phríosún Chamuis An bóthar ón Sgríobh go Doire Néidh ní raibh sé ann go dtí leath chéad bliain ó shoin agus ní raibh bóthar ar bith as camus. Ba geall le priosún é.

nuair a chuala sé an torann ag tigheacht. Tháinig an fathach isteach agus beirt mhac in-éinfeacht leis, beirt fhear bhreagha. Chuaidh an fathach siar don tseomra agus tháinig sé aniar ina ghaisgideach leath an domhain. Chuir sé fáinne ar a shúil agus gur ghairm agus gur choirsic sé mac a dhreifíre.

“Gairim agus cairsicim thú a aoin mhic mo dhreifíre. Tá leabaidh annseo a córáladh an oidhche a rugadh thú agus ní tháinig tú dá héileamh go dtí anocht, tá bord annseo a córáladh an oidhche a rugadh tú agus ní tháinig tú dá éileamh go dtí anocht, tá cathaoir annseo a córáladh an oidhche a rugadh tú agus ní tháinig tú dá héileamh go dtí anocht. Creidim gur faoi gheara troma na leas-mháthar atá tú a saothrú anocht féin” adeir an fathach leis.

“Is faoi gheasa atá mé” arsa Caoin. D’fhiafruigh sé dó cé na geasa a bhí air. Dubhairt sé leis an bhfathach go raibh air dhul chomh fada le Sliabh an Óir ag iarraidh an uisge leighis dá athair. Bhí fhios ag an bhfathach é féin é.

“Beidh tú i dteach dreathár eile domsa san oidhche i mbárach,” adeir an fathach leis agus innseochaidh sé sin chuile bhealach dhuit” adeir sé “timcheall air.”

Chaith siad an oidhche sin trian le fiannaidheacht, trian le sgéalaidheacht, trian le caitheamh bidh agus dighe le suain sáimh agus síorchodladh. Más moch a d’éirigh an lá lá ar na bhárach, is moiche a d’éirigh seisean, nigh sé a lámha, chuimil sé bos dá shúile, dá múrla is dá mhalaibh. Dubhairt sé a thráth agus dith sé a bhriceasta. Ghabh sé go tobar na meala agus d’ionlaigh sé é féin ann. Nuair a bhí sé ag imtheacht annsin dubhairt an t-oncal leis nach mbeadh aon chall dó dhul i soitheach ar bith ach an lá seo gur ag siubhal a bheadh sé go dteagadh sé go Sliabh an Óir. Ghabh sé síos annsin go dtí an soithín.

Chuir sé cos ar a shoitheach agus cos ar an talamh agus sáith sé amach i leis an gcos a bhí ar an talamh. D’árduigh sé suas a cuid seolta agus bhí sé a seoladh agus ag sír-imtheacht go raibh diúin agus deireadh an lae ag doirdim leis gur éirigh sé suas sa gcrannóg gur bhreathnuigh sé uaidh agus go bhfaca talamh i bhfad uaidh agus ní i ngar dhó. Thug sé dá dtrian seoil annsin di agus trian siubhail gur bhuail sé talamh, gur thriomuigh sé í in áit nar bhaoghal di tonn dá bualadh, tonn dá tuairigint ná sgoillte gainimh séidhte a’ guil innte gur chuir sé feisteas lá is bliana uirthe i gcás nach mbeadh sí leath-bhliain ann. Shiubhail sé suas an t-oileán go dtáinig sé go dtí cúirt bhreagh gur bhuail sé an dorus. Leigeadh isteach é. Bhí triúr ban istigh roimhe. Dubhradh leis druidim anuas. Dhruid sé anuas. Bhí duine de na mná a rádh go raibh faitchíos uirthe go marbhóchuidhe é, bean a bhí roinnt aosta. Bhí an bheirt eile ina gcailíní óga. Bhíodar ag magadh, ag ceapadh nach marbhóchaidhe. Is gearr gur

chualadar an torann a bhí ag an bhfathach ag tigheacht. Tháinig sé isteach ina fhathach. Chuaidh sé siar don tseomra. Tháinig sé aniar ina ghaisgidheach leath an domhain. Bháith sé le deora é mhúch sé le póga é thriomaigh sé é le brata míne síoda agus sroill agus le gruaig a chin féin é, más thíos a fuair sé é is thuas a d'fhága sé é.

"Gairm agus cairsigim thú a aon mhic amháin mo dhreifíre," ar seisean, tá leabaidh annseo a córáladh an oidhche a rugadh thú agus ní tháinig tú dá héileamh go dtí anocht, tá bord annseo a córáladh an oidhche a rugadh thú agus ní tháinig tú dá éileamh go dtí anocht tá cathaoir annseo a córáladh an oidhche a rugadh thú agus ní tháinig tú dá héileamh go dtí anocht agus creidim gur faoi gheara na leas-mháthair ná tú a saothrú anocht féin."

"Seadh is faoi gheasa atá mé" adeir sé. "Cé na geasa atá ort? "Tá mé faoi gheas ag gul ag iarraidh buidéal den uisce leighis as an tobar atá i Sliabh an Óir, adeir sé.

"Tá inghean liomsa tugtha leis ag an bhfathach a bhfuil an tobar sin aige le trí seachtainí. Coinneochaidh sé an bhean ag faire an tobair go ceann bliana agus sgaoilfidh sé abhaile annsin í. Bíonn bean i gcomhnaidhe a' faire an tobair aige. Tiubhraidh mise bútaisí siubhail duit le dhul ann. Mara bhfágghthá bútaisí siubhail ní fhéadfá dhul ann chor ar bith, ach tá sé chomh hard is go bhfuil faitchíos orm nach bhféadfá a dhul ann."

"An bhféadfadh éan a ghul ann?" adeir Caoin.

"D'fhéadfadh" adeir an fathach. "Is nach bhféadfainn-se a dhul ann mar sin?" adeir Caoin, nach bhféadfainn-se a dhul in áit ar bith a ngabhfaidh éan?" "Má fhéadann adeir an fathach níl aon mhoill ort, is maith a mhúin do leas-mháthair thú. Tá draoidheacht agam-sa mé fhéin ach ní thig liom tada den tsórt sin a dhéanamh."

Nuair a bhí an bealach innsighthe ag an bhfathach dó chaitheadar an oidhche trian le fiannaidheacht, trian le sgéalaidheacht, trian le caitheamh bidh is dighe le suan sáimh is le síor-chodlata. Má's moch a d'éirigh an lá is moiche a d'éirigh Caoin. Nigh sé a lámha, chuimil sé bos dá shúile, dá mhúrla is dá mhalaidh. Chíor sé a cheann, dubhairt sé a thráth d'ith sé a bhricfeasta. Chuaidh sé ag tobar na meala agus d'ionlaigh sé é féin. Nuair a bhí sé ag imtheacht ón bhfathach annsin, "seo dhuit na bútaisí siubhail. Cuirfidh tú ort iad sin. Tiubhraidh siad thú go dtí bun na háite atá árd, ach tá faitchíos orm nach bhfuil tú indon dul ann."

"A' bhfuil tú a tabhairt aon bhlas eile dom? adeir Caoin. "Céard a thiubhrainn duit?" adeir an fathach.

"A' bhfuil aon chlaidheamh agat? adeir Caoin, "nach bhfuil fhios agat go gcaithfidh mise an fathach sin a throid."

"Tá maise," adeir an fathach, "agus claidheamh mhaith a bhfuil buadh ann." Thug sé dó an claidheamh. Thug sé dó láimhíní. "Cuir ort na láimhíní má castar aonduine duit a bhéas a dul a déanamh aon bhlas ort. Tosóchaidh do lámha ag at istigh ins na láimhíní."

Chuir sé air na láimhíní agus chuir sé air an claidheamh agus chuir sé air na bútaisí agus is gearr go raibh sé ag bun an tsléibhe óir. Bhí an sliabh chomh árd nach bhféadfadh sé a dhul ann gan eilltreog a thabhairt. Bhí sé a dul a tabhairt eilltreoige nuair a chonnaic sé fear beag.

"Cá bhfuil tú a dhuil? adeir an fear beag. Tá mé a dhuil ag iarraidh buideal uisce as tobar sliabh an óir. "Níl tú indon a dhul ann" adeir an fear beag "mara ndéana tú mo chomhairle."

"Má dhéanann tú mo chomhairle cuirfidh mé ann thú." "Déanad" adeir Caoin, "má tá sí ceart." "Nuair a ghabhfas tú isteach" adeir an fear beag, "san ngairdín a bhfuil an tobar, ní dhéanaidh tú moill ar bith ach do bhuideal a líonadh agus a theacht amach an geata arís. Beidh an geata osgailte. Má dhéanann tú moill ar bith béidh an geata dúnta agus ní fhéadfaidh tú an gairdín a fhágailt."

D'airigh Caoin a lámha ag at istigh ins na láimhíní. Bhí fhios aige gur le olc a bhí an fear beag dhá chomhairle agus ní dhearna sé ach a chladheamh a tharraingt agus an ceann a bhaint de. Bhvail i gcumhangar a chinn, a ghéill is a mhuinéil é. Bhain sé de anuas gan truisle gan tuirling, gan mhisg gan mearbhall. Bhvail sé i gclár a aghaidh agus i gclár a ucht é. "Níor mhór duit," adeir an ceann, "dá dtéighinn-se suas ní leat a cuideochainn."

"Nuair a bhí tú thuas" adeir Caoin "níor deis do chuideacht."

Sé an buachaill seo a bhí ag cur na hairde sa sliabh. Ní raibh le déanamh ag Caoin siubhal suas ann. Shiubhail sé suas. Nuair a tháinig sé isteach sa ngairdín bhí an bhean ina suidhe ag bruach an tobair, inghean an fhathaigh. "Tóg an buideal anois go beo" adeir sí "agus gabh amach an geata. Má dhéanann tú moill ar bith dúnthar an geata ort."

"Sin é an caoi ab fhearr liom-sa" adeir sé, "an geata a bheith dúnta. D'fhan sé a cainnt léithe. Is beag an chainnt a bhí déanta nuair a bhí an fathach chuige. "Céard a thug isteach annseo thú a dhailtín" adeir an fathach leis.

"Thug mo dhá cois isteach mé" adeir Caoin. "Is gearr nach bhfágfa mise cos ná láimh ort" adeir an fathach. "Ní le cóir na ceart a iarraidh a tháinig mise annseo ach le cóir is ceart a bhaint díot" adeir Caoin.

"Cé is fearr leat i ngreim a chéile nó ag gabhail de sgeana glasa i mbolg easnacha a chéile."

"Péibí rud is maith leat" adeir Caoin. Rugadar annsin ar a chéile láimh in íochtar, lámh in uachtar, lámh in uaisle na coraideachta. Ní raibh aon fear ó thiar an domhain go huar a' domhain a thiocfadh ag breathnú ar ghaisgeadh caith ná cruadh-comhrac nach ortha ba chóir a thigheacht a breathnú.

Is gearr a bhíodar a coraidheacht nuair a thug Caoin cos dó. Chuir sé go glúin é, an dara cor chuir sé go básta é, an tríomhadh cor chuir sé go meall a a bhráide é.

"Talamh os do cionn a bhodaigh" adeir Caoin. "Creidim gurbh eadh," adeir an fathach, "is tú an gaisgideach is fearr a chonaic mé ariamh. "Tiubhraidh mé leath mo ríoghacht le mo bheo dhuit agus é uile le mo mharbhadh ach ceathramha m'anma a thabhairt dom."

"Tiubhrad" adeir Caoin, "ní mhaitheas ar bith a dhéanas t'anam dom." "Sé is fearr duit" adeir an fathach.

Dubhairt Caoin leis annsin go mba uncal dó athair an chailín a bhí ag faire an tobair. Bhronn sé a leath féin den ríoghacht uirthé agus dubhairt sé leis an bhfathach í a phósadh.

"Fathaigh uilig sibh" adeir sé, "ní ann a thiocfas mise choidhche."

Tháinig Caoin ar ais agus a bhuidéal uisge aige. Níor iarr sé tada ach an t-uisge. Tháinig sé chomh fada leis an uncal is gur thug sé a chlaidheamh dó. Dubhairt sé sin fága sé an inghean ag an bhfathach pósta leis agus go raibh sí ina bainrioghain ar Sliabh an Óir.

Ní dhearna sé annsin ach a dhul isteach ina shoitheach agus go dtainig sé go dtí na hIndiacha Thoir go ndeachaidh sé suas go dtí cuirt rí na hIndiacha Thoir áit a raibh a dhreirthúir pósta ag mac an rí.

Nuair a tháinig sé isteach bhí fearadh na fáilte roimhe. D'fhiafruigh an dreithiúr dhe a raibh sé i Sliabh an Óir, dubhairt sé go raibh, go raibh an t-uisge aige. "Bhí geas orm faoin uisge agus geas orm faoin fháinne a thabhairt go dtí bean óg atá sa gcúirt seo."

"Má bhí geasa ort an fháinne a thabhairt leat," adeir an rí, "nach bhfuil sé chomh maith an bhean is an fáinne a thabhairt leat." Cuireadh fios ar sagart níor méise is ar chléireach maide gus pósadh iad. Bhí bainnis seacht n-oidhche is seacht lá aca agus nuair a bhí an bhainis caithte tháinigeadar abhaile.

5/12/1933

i gCárna san seomra beag. Tobac, teine bhreagh againn agus side cruaidh taobh amuich.